AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

1198

# TÍREOLAÍOCHT - GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 14 MEITHEAMH - IARNÓIN, 2.00 go dtí 5.00**

## TREORACHA D'IARRTHÓIRÍ

Baineann Ceist 1 leis an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis agus tá sí éigeantach.

Tá na ceisteanna eile ó 2 go 18 leagtha amach i **gCEITHRE** roinn mar atá Tíreolaíocht Fhisiceach, Tíreolaíocht Shóisialta, Tíreolaíocht Eacnamaíoch, Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda.

Ní mór **Cúig cheist** a fhreagairt **ach ní cheadaítear níos mó ná dhá cheist** a fhreagairt as aon roinn ar bith. Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi

- Ceist 1.
- Ceist amháin as Thíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda [Ceisteanna 14 - 18]
- Trí cheist eile as ceisteanna 2 - 18

Maidir leis an rogha de ceisteanna, 2 - 18, ní miste an treoir thuas a chomhlíonadh agus **gan níos mó ná dhá cheist a fhreagairt as roinn ar bith.**

---

**DÉAN DEIMHIN DE LE DO THOIL, SULA dTOSÓIDH TÚ AN PÁIPÉAR SEO, GO BHFUIL LÉARSCÁIL SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF AGAT.**

**NÍ MÓR AN CHEIST SEO A FHREAGAIRT**

## CEIST 1. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS

Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1 : 50 000 agus an eochair a ghabhann leis an gceist seo.

**(i)** Tarraing sracléarscáil den limistéir ó thuaidh ón tSionainn agus marcáil na nithe seo a leanas:

- Abhainn na Sionainne
- Galfchúrsa
- Stáisiún cumhachta
- Bóthar náisiúnta tánaisteach
- Limistéar foirgnithe Chill Rois
- Críochfort farantóireachta

**(30 marc)**

[Nóta: **NÍ CEART** don sracléarscáil a bheith ina rianchóip.]

**(ii)** Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann gur abhainn inseolta í an tSionainn.

**(20 marc)**

**(iii)** Bain leas as fianaise ón léarscáil, **agus ón bhfianaise sin amháin,** tabhair **TRÍ** chúis le Cill Rois a bheith ina bhaile turasóireachta.


**(30 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

**Ceisteanna 2 - 5**

- **Níl sé ceadaithe níos mó ná Dhá cheist a fhreagairt as Tíreolaíocht Fhisiceach**

**CEIST 2.** **TÍRGHNÉITHE CÓSTA**




Muirstaic, Muiráirse, Poll Séideáin, Muiraill, Dromchla Tonnghearrtha.

(i) Roghnaigh **TRÍ CINN** de na Tírghnéithe cósta thuas agus, le cabhair léaráide, déan cur síos ar conas a foirmíodh iad. **(60 marc)**

(ii) Tabhair míniú gearr ar **DHÁ** shlí ina dtéann an mhuir chun tairbhe don duine. **(20 marc)**

**CEIST 3.** **OIGHRIÚ**

(i) Ainmnigh **TRÍ** ghné a fhoirmítear le hoighearchreimeadh.

Mínigh, le cabhair léaráide, conas a foirmíodh **GACH** gné díobh. **(60 marc)**

(ii) Tá a lán tairbhí eacnamaíochta ann in Éirinn mar gheall ar thírdhreacha oighrithe.

Tabhair míniú gearr ar **CHEANN AMHÁIN** de na tairbhí sin. **(20 marc)**

**CEIST 4.** **GLUAISEACHTAÍ AN DOMHAIN**

(i) Fillsléibhte, Bolcáin, Creathanna Talún.

Roghnaigh aon **DÁ CHEANN** de na nithe thuasluaite agus i gcás gach ceann a roghaníonn tú:

- Ainmnigh sampla **AMHÁIN**;
- Déan cur síos agus tabhair míniú, le cabhair léaráide, ar conas a tharlaigh seo. **(60 marc)**

(ii) Tabhair míniú gearr ar **DHÁ** éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag creathanna talún ar chathair mhór. **(20 marc)**

## CEIST 5. AN DOMHAN FISICEACH

Tabhair míniú sách mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Tá éifeacht mhór ag an Aigéan Atlantach ar aimsir na hÉireann. **(40 marc)**

**(ii)** Tá gnéithe sainiúla tírdhreacha ann mar gheall ar chreimeadh ag aibhneacha. **(40 marc)**

**(iii)** Tá an Bhoirinn ar cheann de na hionaid turasóireachta is tábhachtaí dá bhfuil ann in Éirinn. **(40 marc)**

**(iv)** Tá tionchar mór ag aeráid ar an gcuma a bhíonn ar thírdhreacha. **(40 marc)**

## TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA

**Ceisteanna 6 - 9**

- **Níl sé ceadaithe níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt as Tíreolaíocht Shóisialta.**

## CEIST 6. AERFÓTAGRAF (MAILLE LE LÉARSCÁIL)

**(i)** Tarraing sracléarscáil (ní rianchóip) den úsáid talún sa limistéar atá san aerfótagraf de Chill Rois atá ag gabháil leis an gceist seo.

Ainmnigh agus sainaithin na nithe seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| * Dhá shráid chónaisc | * Limistéar tionsclaíoch | * Limistéar tithíochta |
| * Limistéar creasa ghlais | * Limistéar uisce | * Cearnóg an bhaile |

**(30 marc)**

**(ii)** Samhlaigh gur pleanálaí baile tú agus gur iarradh ort láithreán a roghnú do charrchlós baile i gCill Rois.

Déan cur síos ar an ionad is oiriúnaí don charrchlós agus, trí leas a bhaint as fianaise ón bhfótagraf, agus as sin amháin, tabhair **TRÍ** chúis leis an ionad sin a roghnú.


**(30 marc)**

**(iii)** Dá mbeifeása ag dul chun cónaithe go Cill Rois, cé acu ba thairbhiúla duit an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis nó an tAerfótagraf?

Bain leas as fianaise ón léarscáil agus ón aerfótagraf araon agus tabhair **DHÁ** chúis go mbeadh ceann amháin de na foinsí níos tairbhiúla ná an ceann eile.

**(20 marc)**

**CEIST 7. OCRAS SA DOMHAN**




**(i)** Scrúdaigh na sonraí sa chairt thuas agus déan cur síos ar an bpatrún a thaispeántar. **(20 marc)**

**(ii)** Tá roinnt nithe ann is cúis le hocras sa domhan agus liostaítear cuid díobh anseo thíos:

- Cogadh
- Fás tapa an daonra
- Trádáil éagothrom
- Droch-mhodhanna feirmeoireachta
- Féichiúnas coigríche

Roghnaigh aon **TRÍ** cinn de na nithe thuas agus taispeáin conas atá tionchar acu ar ocras sa domhan. **(60 marc)**

**CEIST 8. STAIDÉAR AR DHAONRA**

**(i)** "Tá a lán fadhbanna ann i gcathracha mar gheall ar fhás tapa an daonra."

Déan cur síos ar **THRÍ** cinn de na fadhbanna sin, agus déan tagairt do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**(60 marc)**

**(ii)** Tá a lán fadhbanna ag pobail tuaithe in Éirinn mar gheall ar imirce amach astu.

Déan cur síos ar **DHÁ** fhadhb den sórt sin. **(20 marc)**

**CEIST 9. SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE TÍREOLAÍOCHT SHÓISIALTA**

Tabhair míniú sách mion ar **DHÁ** cheann de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Is minic a fhulaingíonn imircigh idirdhealú. **(40 marc)**

**(ii)** Mar gheall ar an bhfás tapa atá tagtha ar Bhaile Átha Cliath tá fadhbanna ann do Bhaile Átha Cliath féin agus don chuid eile d'Éirinn. **(40 marc)**

**(iii)** Is í an fhadhb is mó atá ag cathracha i mbéal forbartha ná na daonraí a bheith ag méadú. **(40 marc)**

**(iv)** Cruthaíonn sraoilleáil uirbeach fadhbanna móra sóisialta agus timpeallachta. **(40 marc)**

**Ceisteanna 10 - 13**

- **Níl sé ceadaithe níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt ar Thíreolaíocht Eacnamaíoch.**

## CEIST 10. AN TIONSCAL DÉANTÚSAÍOCHTA

**(i)** Tá a lán nithe ann a mbíonn tionchar acu ar shuíomh tionscal déantúsaíochta. Áirítear ar na nithe sin:

- Margaí
- Saothar
- Iompar
- Amhábhair
- Polasaithe Rialtais
- Fuinneamh

Roghnaigh aon **TRÍ** cinn de na nithe thuas agus mínigh an tionchar atá acu ar shuíomh tionscail déantúsaíochta a bhfuil staidéar déanta agat air. **(60 marc)**

**(ii)** Déan cur síos gearr ar **DHÁ** éifeacht dhiúltacha atá ag an tionscal deantúsaíochta ar an timpeallacht. **(20 marc)**

## CEIST 11. IOMPAR

**(i)** Aer, Bóthar, Iarnród, Canáil agus Píblíne.

Roghnaigh **AON DÁ CHEANN** de na bealaí iompair thuas agus déan cur síos agus tabhair míniú ar na buntáistí **agus** na míbhuntáistí a bhaineann le gach ceann a roghnaíonn tú. **(60 marc)**

**(ii)** Tabhair míniú gearr ar bhuntáiste **AMHÁIN** agus ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann le seachród a thógáil timpeall baile mhóir. **(20 marc)**

## CEIST 12. SAINCHEISTEANNA MAIDIR LE TÍREOLAÍOCHT EACNAMAÍOCH

Tabhair míniú sách mion ar **DHÁ CHEANN** de na ráitis seo a leanas:

**(i)** Is féidir breathnú ar fheirmeoireacht mar chóras lena ngabhann ionchuir, próisis agus aschur. **(40 marc)**

**(ii)** Is é atá in ola, inti féin, ná an fhoinse fuinnimh is tábhachtaí i dtíortha forbartha. **(40 marc)**

**(iii)** Ní théann eacnamaíocht "An Tíogar Ceilteach" chun tairbhe do gach uile dhuine. **(40 marc)**

**(iv)** Déanann báisteach aigéadach damáiste forleathan don timpeallacht. **(40 marc)**

## CEIST 13. OBAIR ALLAMUIGH

Trí thagairt a dhéanamh do thionscadal allamuigh **AR BITH** atá déanta agat sa Tíreolaíocht:

**(i)** Luaigh teideal agus aidhmeanna an tionscadail. **(8 marc)**

**(ii)** Déan cur síos ar an ullmhúchán a rinne tú don tionscadail. **(16 marc)**

**(iii)** Déan cur síos ar an gcaoi ar bhailigh tú an t-eolas. **(24 marc)**

**(iv)** Déan cur síos ar thorthaí na hoibre allamuigh. **(12 marc)**

**(v)** Mínigh an modh a d'úsáid tú chun do thorthaí a chur i láthair. **(12 marc)**

**(vi)** Mínigh scil amháin a d'fhoghlaim tú le linn an tionscadail allamuigh. **(8 marc)**




THALL →

## TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH AGUS DHOMHANDA

**Ceisteanna 14 - 18**

- **Ní mór duit Ceist Amháin ar a laghad a dhéanamh as Tíreolaíocht Réigiúnach agus Dhomhanda ach ní ceart duit níos mó ná Dhá Cheist a fhreagairt.**

### CEIST 14. RÉIGIÚIN A mBAINEANN FADHBANNA ÁIRITHE LEO




Sambre-Meuse, Mezzogiorno agus an Randstad.

Roghnaigh aon **DÁ CHEANN** de na limistéir thuas a mbaineann fadhbanna leo agus **SA DÁ CHÁS**:

(i) Sainaithin an cineál faidhbe, de réir na léaráide thuas, a bhaineann leis an limistéar. **(10 marc)**

(ii) Déan cur síos ar na cineál fadhbanna atá sa réigiún. **(50 marc)**

(iii) Cad iad na réitigh atá á dtriail chun na fadhbanna sin a shárú? **(20 marc)**

### CEIST 15. TÍORTHA AGUS A RÉIGIÚIN

Éire, An Bheilg, An Ioruaidh, An Iodáil agus an Fhrainc.

I gcás **AON DÁ CHEANN** de na tíortha thuas a bhfuil staidéar déanta agat orthu:

(i) Tarraing sracléarscáil lena thaispeáint conas a roinnfeá an tír ar fad in **DHÁ RÉIGIÚN NÓ NÍOS MÓ**. **(20 marc)**

(ii) Roghnaigh **DHÁ CHEANN** de na réigiúin sin agus, i gcás an dá cheann acu, déan cur síos ar fhorbairt an réigiúin agus na ceannteidil seo a leanas a úsáid:

- Tíreolaíocht fhisiceach
- Talmhaíocht
- Déantúsaíocht nó Seirbhísí. **(60 marc)**

**CEIST 16. TALMHAÍOCHT IN ÉIRINN**

Nithe a mbíonn tionchar acu ar thalmhaíocht.

• Aeráid • Rilíf • Torthúlacht Ithreach • Margaí • Méid Feirmeacha • Polasaithe Rialtais.

Roghnaigh **AON CHEITHRE CINN** de na nithe thuas agus déan cur síos ar conas a bhíonn tionchar acu ar thalmhaíocht in Éirinn. **(80 marc)**

**CEIST 17. RÁITIS MAIDIR LEIS AN EORAIP**

Roghnaigh **AON DÁ CHEANN** de na ráitis seo a leanas agus pléigh go mion iad:


**(i)** Is úsáid oiriúnach í an Fhoraoiseacht i gcás na talún is boichte in Iarthar na hEorpa. **(40 marc)**

**(ii)** Tá Abhainn na Réine ar cheann de na bealaí trádála is tábhachtaí dá bhfuil ann san Eoraip. **(40 marc)**

**(iii)** Bíonn tairbhí **agus** fadhbanna ann i réigiúin na Meánmhara mar gheall ar thurasóireacht. **(40 marc)**

**(iv)** Tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint le suíomh oileánda na hÉireann ar imeall na hEorpa. **(40 marc)**

**CEIST 18. TÍREOLAÍOCHT DHOMHANDA**




Scrúdaigh an léarscáil den domhan thuas.

**(i)** I do leabhrán freagraí, ainmnigh na míreanna a bhfuil na huimhreacha 1 - 8 marcáilte orthu.

Tíortha 1 agus 2; Cathracha 3 agus 4; Oileáin 5 agus 6; Sliabhraon 7; Aigéan 8. **(16 marc)**

**(ii)** Bhí na háiteanna seo a leanas go mór sa nuacht ar fud an domhain le blianta beaga anuas.

* An iarIúgslaiv * An meán-Oirthear * Tuaisceart Éireann

Roghnaigh **CEANN AMHÁIN** díobh agus déan cur síos ar na saincheisteanna a bhaineann leis. **(40 marc)**

**(iii)** "Tugann dídeanaithe fadhbanna agus tairbhí leo chuig an tír ostach."

Pléigh an ráiteas sin trí thagairt a dhéanamh do thír **AMHÁIN AR BITH** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. **(24 marc)**